An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 28 Meitheamh 2016**
**(OR. en)**

**EUCO 26/16**

**CO EUR 5**
**CONCL 3**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (28 Meitheamh 2016)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. IMIRCE

1. Anois agus cinneadh déanta Cód Teorainneacha Schengen a chur chun feidhme go hiomlán agus beart déanta de réir an ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc an 18 Márta 2016, tá laghdú mór millteach tagtha ar na trasnuithe ón Tuirc go dtí oileáin na Gréige agus deireadh leo ar fad, nach mór. Tá sé tábhachtach go leanfaí ag obair go gníomhach chun an staid a chobhsú tuilleadh agus chun réiteach inbhuanaithe a áirithiú. Leis an reachtaíocht a ghlac an Tuirc le déanaí maidir leis an dóigh ba cheart caitheamh le muintir na Siria agus muintir náisiún eile araon, is féidir imircigh a chur ar ais go dtí an Tuirc agus na forálacha maidir le neamh-inghlacthacht faoin Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn á n-urramú go hiomlán. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an dá thaobh chun raon iomlán na bpointí gníomhaíochta atá sa ráiteas ón Aontas agus ón Tuirc a chur chun feidhme agus tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth le tuilleadh gníomhaíochta diongbháilte. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach gur gá leanúint de thacaíocht a chur ar fáil do thíortha na mBalcán Thiar, lena n-áirítear sa chomhrac i gcoinne na smuigléirí, agus gur gá freisin súil ghéar a choinneáil ar a bhféadfadh tarlú maidir le bealaí eile, le go mbeifear in ann gníomhaíocht chomhbheartaithe a dhéanamh go pras. Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun cur chun feidhme na scéimeanna athlonnaíochta agus athshocraíochta atá ann cheana a luathú.

2. Sa Mheánmhuir Láir, tá sreafaí na n-imirceach, ar imircigh eacnamaíocha iad a bhformhór, fós ar an leibhéal céanna agus a bhí anuraidh. Caithfear na sreafaí a laghdú, agus daoine a shábháil agus samhail ghnó na smuigléirí a bhriseadh ar an dóigh sin. Ní mór na nósanna imeachta slándála ábhartha a chur i bhfeidhm ina n-iomláine chun rialú iomlán ar na teorainneacha seachtracha a áirithiú. Chun torthaí a bhaint amach go pras maidir leis an imirce neamhdhleathach a chosc agus imircigh neamhrialta a chur ar ais, tá gá le creat éifeachtach comhpháirtíochta comhair le tíortha aonair tionscnaimh agus idirthurais. Rannchuideofar, ar an dóigh sin, le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Vaileite, ar cheart dlús a chur faoi. Agus leas á bhaint as an teachtaireacht ón gCoimisiún, déanfaidh an tAontas an creat sin a fhothú agus a chur chun feidhme go gasta ar bhonn dreasachtaí éifeachtacha agus coinníollacht leordhóthanach, ag tosú le líon teoranta tíortha tosaíochta tionscnaimh agus idirthurais, agus na cuspóirí seo a leanas aige:

   - torthaí sonracha intomhaiste a shaothrú maidir le himircigh neamhrialta a chur ar ais go tapa agus ar bhonn oibríochtúil, lena n-áirítear trí shocruithe sealadacha a chur i bhfeidhm, go dtí go dtabharfar i gcrích comhaontuithe lánfheidhme maidir le hathligean isteach;

- an ghiaráil is gá a chruthú agus a chur i bhfeidhm, trí leas a bhaint as beartais, as ionstraimí agus as uirlisí ábhartha uile an Aontais, lena n-áirítear forbairt agus trádáil;
- leas a bhaint as na heilimintí sin a thagann faoi inniúlachtaí na mBallstát freisin agus sineirgí leis na Ballstáit a lorg maidir leis an gcaidreamh leis na tíortha ar leith.

Leis an gcomhar maidir le hathligean isteach agus filleadh cuirfear promhadh tábhachtach ar an gcomhpháirtíocht idir an tAontas agus na comhpháirtithe sin.

3. Is í an tArdionadaí, agus í ag gníomhú di ina cáil mar Leas-Uachtarán an Choimisiúin freisin, a bheidh i gceannas ar an gcur chuige nua sin a chur chun feidhme agus áiritheoidh sí go ndéanfar dlúthchomhordú éifeachtach idir institiúidí agus seirbhísí an Aontais agus na Ballstáit, d'fhonn teacht ar na chéad chomhshocruithe faoi dheireadh na bliana. Déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachán tráthrialta ar an bpróiseas, mar aon le measúnú ar na torthaí, agus cuirfidh siad tuarascáil faoi bhráid na Comhairle Eorpaí.

4. Ba cheart leas comhleanúnach a bhaint as na hionstraimí agus na foinsí ábhartha cistithe go léir chun tacú leis an gcur chuige a leagtar amach thuas. Iarrtar ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh láithreach ar na tograí a rinne an Coimisiún chuige sin. Chomh maith leis sin:

   - Le tionscnamh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta i dtíortha Chomharsanacht an Deiscirt agus na mBalcán Thiar, mar chéad chéim sa chreat nua comhair, cuideofar leis an infheistíocht a chothú sna tíortha comhpháirtíochta agus tacaímid go hiomlán leis. Chun an tionscnamh sin a chur chun feidhme go pras, iarrtar ar an gComhairle féachaint gan mhoill ar na bealaí a bhféadfaí na hacmhainní is gá a chur ar fáil;

   - Iarrtar ar an gCoimisiún togra le haghaidh plean uaillmhianach infheistíochta seachtraí a thíolacadh faoi mhí Mheán Fómhair 2016, ar cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle scrúdú a dhéanamh air mar ábhar tosaíochta.

   Caithfear comhlántacht a áirithiú idir na tionscnaimh thuasluaite go léir.

5. Beidh an cur chuige a leagtar amach thuas dinimic agus, más gá, déanfar é a leathnú, de réir na sreafaí imirce, chun tíortha nó réigiúin eile a chumhdach.

6. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit d'aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna a bhíonn leis an imirce neamhdhleathach, i ndlúthchomhar leis na tíortha tionscnaimh agus de mheon na húinéireachta frithpháirtí.

7. In oirchill Chruinniú Mullaigh G20 agus chruinniú ardleibhéil Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le mórghluaiseachtaí dídeanaithe agus imirceach, meabhraíonn an Chomhairle Eorpach gur dúshlán domhanda í an imirce a éilíonn freagairt láidir ón gcomhphobal idirnáisiúnta.

8. Leanfaidh an Chomhairle Eorpach d'aghaidh a thabhairt ar gach gné den chur chuige cuimsitheach atá ag an Aontas maidir le dúshlán na himirce, agus leanfaidh sí d'fhaireachán a dhéanamh orthu, mar a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí Dheireadh Fómhair 2015, agus leanfaidh sí freisin de na treoirlínte agus na tosaíochtaí polaitiúla ginearálta a shainiú. Ag meabhrú di gur gá rialú theorainneacha seachtracha an Aontais a atreisiú chun na cuspóirí imirce agus slándála a bhaint amach, is díol sásaimh di gur tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an togra le haghaidh Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, agus iarrann sí go nglacfaí agus go gcuirfí chun feidhme go gasta an rialachán.

## II. POIST, FÁS AGUS INFHEISTÍOCHT

**An Seimeastar Eorpach**

9. Ghlac an Chomhairle Eorpach go ginearálta leis na moltaí tír-shonracha a pléadh sa Chomhairle, rud a d'fhág go bhféadfaí bailchríoch a chur ar Sheimeastar Eorpach 2016.

**An Margadh Aonair**

10. Beidh sé fíorthábhachtach margadh aonair atá níos doimhne agus níos cothroime a bhaint amach ionas go gcruthófar poist nua, go gcuirfear an táirgiúlacht chun cinn agus go n-áiritheofar aeráid a bheadh tarraingteach don infheistíocht agus don nuálaíocht. Chuige sin, tá gá le fócas athnuaite ar fud na hEorpa. Iarrann an Chomhairle Eorpach go dtabharfaí chun críche agus go gcuirfí chun feidhme faoi 2018 na straitéisí a mhol an Coimisiún maidir leis an margadh aonair, lena n-áirítear maidir le fuinneamh, agus na pleananna gníomhaíochta éagsúla a mhol sé ina leith freisin.

11. Inniu ghlac an Chomhairle Eorpach clár oibre lena n-iarrtar dul chun cinn gasta diongbháilte a dhéanamh:

- le go bhféadfaidh na geallsealbhóirí uile leas iomlán a bhaint as tairbhí an mhargaidh aonair dhigitigh tríd an méid seo a leanas:
  - inaistritheacht trasteorann, lena gcuirfear ar chumas chónaitheoirí an Aontais taisteal leis an inneachar digiteach a cheannaigh siad nó lenar shuibscríobh siad agus iad sa bhaile;
  - bacainní ar r-thráchtáil a bhaint, lena n-airítear geobhlocáil nach bhfuil aon údar léi agus lena gcuirtear cosc ar chustaiméirí teacht ar tháirge nó ar sheirbhís ó láithreán gréasáin i mBallstát eile agus an táirge nó an tseirbhís sin a cheannach. Trí na costais ar sheachadadh beartán a laghdú agus trí chórais CBL a nuachóiriú, is fusa fós a bheidh sé earraí agus seirbhísí a dhíol thar theorainneacha;
  - an t-athbhreithniú ar an margadh fánaíochta mórdhíola, d'fhonn deireadh a chur le formhuirir fánaíochta faoi mhí an Mheithimh 2017;
  - an cuireadh do rialtais agus d'institiúidí an Aontais spriocanna an Phlean Gníomhaíochta don rRialtas a bhaint amach;
  - athchóirithe ar na creataí cóipchirt agus closamhairc;

- chun na dalaí cearta a chruthú d'fhonn deiseanna nua gnó a spreagadh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - nascacht ardtoillte leathanbhanda fosaithe agus gan sreang a áirithiú ar fud na hEorpa, rud ar réamhchoinníoll é don iomaíochas amach anseo. Ba cheart é a bheith d'aidhm leis an athbhreithniú ar an gcreat rialála teileachumarsáide infheistíochtaí móra i líonraí a dhreasú agus ag an am céanna iomaíochas éifeachtach agus cearta tomhaltóirí a chur chun cinn;
  - comhordú níos fearr a dhéanamh ar mhodúlachtaí an tsannta speictrim chomh maith le scaoileadh tráthúil an bhanda 700 Mhz d'fhonn cuidiú lena áirithiú go mbeidh an Eoraip chun cinn agus líonraí 5G á rolladh amach;
  - iarrachtaí an Aontais maidir le ríomhaireacht ardfheidhmíochta a chomhordú. Sa chomhthéacs sin, is fada leis an gComhairle Eorpach go seolfar tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne sa réimse sin;
- chun tacú le soláthróirí seirbhísí atá ag iarraidh leathnú amach thar theorainneacha. Le pas seirbhísí, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle dar dáta an 29 Feabhra 2016, féadfaidh fiontraithe i gcuid de na príomhearnálacha a gcuid seirbhísí a chur ar fáil i mBallstáit eile gan dul trí nósanna imeachta nach bhfuil gá leo agus rannchuideofar leis an nuálaíocht a chur chun cinn;
- chun rochtain níos éasca ar mhaoiniú a áirithiú do ghnólachtaí agus chun tacú le hinfheistíocht san fhíorgheilleagar trí bhogadh ar aghaidh leis an gclár oibre le haghaidh aontas na margaí caipitil. Ba cheart dul chun cinn gasta a dhéanamh go háirithe i ndáil leis an togra maidir le simpliú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le réamheolaire agus i ndáil leis na tograí le haghaidh urrúsú simplí caighdeánaithe trédhearcach, atá le comhaontú faoi dheireadh na bliana 2016;
- chun tabhairt faoi iarrachtaí i dtreo rialáil níos fearr le fuinneamh.

12. Cuirfidh an Chomhairle tuarascáil faoi bhráid Chomhairle Eorpach mhí an Mheithimh gach bliain, maidir leis an dul chun cinn i ndáil leis an margadh aonair, gona ghnéithe éagsúla, a dhoimhniú. Tríd an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr, cuideofar le hearraíocht a bhaint as uaillmhian na hEorpa maidir leis an margadh aonair.

**Trádáil**

13. Chuir Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an Chomhairle Eorpach ar an eolas maidir leis an gcaibidlíocht trádála atá ar siúl i láthair na huaire. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach na conclúidí a ghlac sí roimhe seo maidir le trádáil agus maidir le hearnáil na cruach, agus fillfidh sí ar an tsaincheist ag an gcruinniú a bheidh aici i mí Dheireadh Fómhair chun plé cuimsitheach a dhéanamh uirthi. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí bailchríoch go pras ar an obair maidir le hionstraimí cosanta trádála.

**Plean Infheistíochta (lena n-áirítear CEIS)**

14. Leis an bPlean Infheistíochta don Eoraip, go háirithe an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS), saothraíodh torthaí nithiúla cheana féin agus is céim mhór chun cinn é an plean maidir le hinfheistíocht phríobháideach a spreagadh agus ag an am céanna úsáid chliste á baint as acmhainní buiséid atá gann.

15. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tograí a thíolacadh go luath maidir lena bhfuil i ndán do CEIS, agus ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle scrúdú a dhéanamh orthu mar ábhar tosaíochta.

**An tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta**

16. Bhreithnigh an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a chomhlánú, lena n-áirítear an treochlár chun an t-aontas baincéireachta a chomhlánú, agus iarrann sí go leanfaí ar aghaidh leis an obair. Tacaíonn sí leis an moladh maidir leis na Boird Náisiúnta Táirgiúlachta.

**Cánachas**

17. Is tosaíocht i gcónaí é an comhrac i gcoinne calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach, agus i gcoinne sciúradh airgid, laistigh den Aontas agus go hidirnáisiúnta. Léirítear an méid sin le reachtaíocht ábhartha an Aontais a glacadh le déanaí chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, go háirithe i réimse an mhalartaithe faisnéise maidir le rialuithe cánach agus le tuairisciú tír-ar-thír, agus freisin leis an gcomhaontú ar thángthas air maidir leis an Treoir i gcoinne Seachaint Cánach. Gné thábhachtach den chur chuige foriomlán é an plean gníomhaíochta a d'fhoilsigh an Coimisiún, arb é is aidhm leis limistéar nuachóirithe CBL a bheidh slán ar chalaois a chruthú.

**Talmhaíocht**

18. Ag meabhrú di a conclúidí ó mhí an Mhárta 2016, bhreithnigh an Chomhairle Eorpach na forbairtí in earnáil na talmhaíochta, go háirithe maidir le déiríocht agus muiceoil. Iarrann sí ar an gCoimisiún na bearta tacaíochta go léir is gá a chur chun feidhme, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, tacaíocht airgeadais chun cuidiú le feirmeoirí, agus iarrann sí ar na gníomhaithe go léir sa slabhra soláthair na coinníollacha margaidh a fheabhsú.

## III. CAIDREAMH SEACHTRACH

19. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí réidh chun tacú leis an Rialtas Comhaontaithe Náisiúnta (GNA), agus iarrann sí ar na grúpaí go léir sa Libia oibriú le GNA, ós é an t-aon rialtas dlisteanach amháin sa Libia é, chun an chobhsaíocht a athbhunú, an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus dul i ngleic leis an imirce trasna na Meánmhara Láir. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh Rún 2292 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus gur leathnaíodh an ról atá ag Oibríocht Sophia maidir leis an trádbhac arm ar an Libia a fhorfheidhmiú agus oiliúint a chur ar Gharda Cósta na Libia.

20. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an cur i láthair a rinne an tArdionadaí ar an Straitéis Dhomhanda le haghaidh Bheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh agus iarrann sí ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle bogadh ar aghaidh leis an obair.

21. Pléadh comhar idir an tAontas agus ECAT agus Ardrúnaí ECAT i láthair. D'iarr an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí an caidreamh a fheabhsú tuilleadh, i bhfianaise ár n-aidhmeanna agus luachanna comhchoiteanna agus de bharr na ndúshlán atá ag teacht anoir aneas chugainn, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Ba cheart an uaillmhian úr sin a shaothrú chun tabhairt faoi chomhar praiticiúil luathaithe i réimsí roghnaithe. Déanfar an t-ugach úr don chomhar idir an tAontas agus ECAT a thabhairt de mheon lánoscailte agus uathriail agus nósanna imeachta cinnteoireachta an dá eagraíocht á n-urramú go hiomlán, ba cheart an t-ugach sin a bheith bunaithe ar phrionsabal na cuimsitheachta agus ba cheart é a thabhairt gan dochar do chineál ar leith bheartas slándála agus cosanta aon cheann de na Ballstáit. Déanfaidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, in éineacht le hArdrúnaí ECAT, dearbhú a eisiúint i Vársá i mí Iúil.

22. Rinne Príomh-Aire na hÍsiltíre an toradh a bhí ar an reifreann san Ísiltír maidir leis an gComhaontú Comhlachais leis an Úcráin a chur i láthair, mar aon leis na hábhair imní a cuireadh in iúl le linn na díospóireachta a rinneadh roimh an reifreann. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle féachaint le réiteach a fháil a luaithe is féidir lena dtabharfaí aghaidh ar na hábhair imní sin.

## IV. TORADH REIFREANN NA RÍOCHTA AONTAITHE

23. Chuir Príomh-Aire na Ríochta Aontaithe an Chomhairle Eorpach ar an eolas faoin toradh a bhí ar reifreann na Ríochta Aontaithe.